*Déardaoin*, 29 *Meán Fómhair*, 2011
*Thursday, 29th September*, 2011

10.30 a.m.

RIAR NA hOIBRE
*Order Paper*

GNÓ POIBLÍ
*Public Business*

*Tairiscintí*:
*Motions*:

**1.**"D'ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, go ndéanfar Orduithe an 19 Iúil, 2011 agus an 26 Iúil, 2011 ón Seanad i dtaobh Choiste Achainí Poiblí an tSeanaid agus Choiste Comhairliúchán Poiblí an tSeanaid a urscaoileadh agus go gcuirfear an tairiscint seo a leanas ina n-ionad:

'Beidh Roghchoiste arna bhunú ar feadh ré an 24ú Seanad ar a dtabharfar Coiste Comhairliúchán Poiblí an tSeanaid (CCPS) ar a mbeidh 11 chomhalta. Cúig chomhalta is córam don Choiste.

Is é is cuspóir don CCPS socrú a dhéanamh le haghaidh idirphlé agus comhairliúcháin dhírigh idir daoine den phobal agus an Seanad, trí phróiseas ina n-iarrfaidh Seanad Éireann aighneachtaí tríd an CCPS ó dhaoine den phobal faoi shaincheist leasa phoiblí (arb é an míniú atá air saincheist shonrach a bhaineann le cumhachtaí reachtacha an tSeanaid nó saincheist bheartais phoiblí). Déanfaidh an CCPS breithniú ar na haighneachtaí a dhéanfar, féadfaidh sé éisteachtaí poiblí a thionól agus eiseoidh sé tuarascáil ina mbeidh moltaí a ndéanfar díospóireacht orthu i Seanad Éireann nó a tharchuirfear chuig an gComhchoiste iomchuí.

1. Sonróidh an CCPS agus poibleoidh sé réimse áirithe a bhaineann le cumhachtaí reachtacha an tSeanaid nó le saincheist bheartais phoiblí a n-iarrfar aighneachtaí ón bpobal ina thaobh nó ina taobh.

"That, notwithstanding anything in Standing Orders, the Orders of the Seanad of 19 July 2011 and 26 July 2011 concerning the Seanad Petitions Committee and the Seanad Public Consultation Committee be discharged and the following motion be substituted therefor:

'There shall stand established for the duration of the 24th Seanad a Select Committee which shall be called the Seanad Public Consultation Committee (SPCC), which shall consist of 11 members and the quorum of the Committee shall be five members.

The purpose of the SPCC is to provide for direct engagement and consultation between members of the public and the Seanad, through a process where Seanad Éireann through its SPCC invites submissions from members of the public on an issue of public interest (defined as a specific issue related to its legislative powers or an issue of public policy). The SPCC will consider the submissions made, may hold public hearings on the issues, and will issue a report with recommendations which will be debated in Seanad Éireann or referred to the relevant Joint Committee.

1. The SPCC shall specify and publicise a particular area related to the legislative powers of the Seanad or to an issue of public policy on which submissions from the public will be invited.

P.T.O.

2. Sonrófar agus poibleofar freisin spriocdháta faoina mbeidh aighneachtaí le bheith faighte ag an CCPS.

3. Suífidh an CCPS go príobháideach ar an gcéad ásc chun cinneadh a dhéanamh faoin réimse áirithe a n-iarrfaidh sé aighneachtaí ina thaobh.

4. Tar éis aighneachtaí a bheith faighte, suífidh an CCPS arís go príobháideach chun breithniú a dhéanamh ar arb inghlactha aighneachtaí agus chun breithniú a dhéanamh freisin i dtaobh cén beart a dhéanfar i ndáil le haighneachtaí atá inghlactha.

5. Féadfar suíonna príobháideacha den CCPS a thionól i gceann de na Seomraí Coiste.

6. I gcás inar dóigh leis an CCPS gur cuí duine nó eagraíocht a éisteacht maidir le haighneacht inghlactha a cuireadh faoina bhráid, féadfaidh sé a shocrú go dtionólfar seisiún poiblí nó seisiún príobháideach.

7. Féadfar aon seisiúin phoiblí den sórt sin, a n-iarrfar ar dhuine nó ar eagraíocht amháin nó níos mó aitheasc a thabhairt lena linn, agus a bhféadfaidh daoine den phobal freastal orthu, a thionól i seomra an tSeanaid lasmuigh d'amanna suí agus féadfar iad a chraoladh ar an teilifís.

Teimpléad le haghaidh Inghlacthacht Aighneachtaí chuig Coiste Comhairliúchán Poiblí an tSeanaid

(1) Féadfar aighneachtaí a dhéanamh leis an ríomhphost nó leis an bpost. Déanfar na nithe seo a leanas a chur in iúl go soiléir ar gach aighneacht: —

(*a*) ainm an duine/na cuideachta/ na heagraíochta ag a mbeidh an aighneacht á déanamh; agus

(*b*) seoladh poist nó seoladh ríomhphoist.

(2) Beidh aighneacht inghlactha mura rud é:

2. A deadline for the receipt of submissions by the SPCC shall also be specified and publicised.

3. The SPCC shall sit in private in the first instance to decide upon the particular area upon which it will invite submissions.

4. Once submissions have been received, the SPCC shall again sit in private to consider whether submissions are admissible and to consider further what action to take in relation to admissible submissions.

5. Private sittings of the SPCC may take place in one of the Committee Rooms.

6. Where the SPCC considers it appropriate to hear from a person or organisation in respect of an admissible submission made to it, it may arrange for the holding of a public or private session.

7. Any such public sessions, which one or more persons or organisations may be invited to address, and which members of the public may attend, may be held in the Seanad chamber outside of sitting times and may be televised.

Template for Admissibility of Submissions to Seanad Public Consultation Committee.

(1) Submissions may be made by email or post. Each submission shall clearly indicate:—

(*a*) the name of the person/ company/organisation making the submission; and

(*b*) a postal and/or email address.

(2) A submission is admissible unless it:

(*a*) go n-iarrtar ar an Seanad san aighneacht aon ní a dhéanamh seachas nithe a bhfuil cumhacht ag an Seanad chun iad a dhéanamh;

(*b*) nach gcomhlíonann sí na Buan-Orduithe nó nach mbeidh sí san fhoirm chuí thairis sin;

(*c*) go mbeidh sí *sub-judice* mar a mhínítear i mBuan-Ordú 47;

(*d*) go mbeidh duine aonair nó daoine aonair ainmnithe inti;

(*e*) go mbeidh caint inti atá maslach nó clúmhillteach; agus

(*f*) gurb ionann í nó gurb ionann a téarmaí go substainteach agus aighneacht a rinne an duine céanna, an chuideachta chéanna nó an eagraíocht chéanna nó a rinneadh thar a gceann siúd le linn shaolré an Choiste.

(3) Féadfaidh an CCPS, maidir le haon aighneachtaí inghlactha faoin tsaincheist áirithe ar iarradh aighneachtaí ina taobh, aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:—

(*a*) a iarraidh ar aon duine/aon chuideachta/eagraíocht díobh siúd a rinne aighneachtaí inghlactha aitheasc a thabhairt maidir leis an gcéanna i seisiún poiblí;

(*b*) tuarascáil scríofa a ullmhú ar an tsaincheist a bheidh bunaithe ar bhreithniú na haighneachta inghlactha nó na n-aighneachtaí inghlactha a rinneadh chuige faoin tsaincheist sin;

(*c*) an tuarascáil agus aon mholtaí a bheidh inti a tharchur chuig an Seanad le haghaidh díospóireachta;

(*d*) an tuarascáil agus aon mholtaí a bheidh inti a tharchur chuig an gComhchoiste le haghaidh díospóireachta; agus

(*e*) an tuarascáil a leagan faoi bhráid Sheanad Éireann.

(*a*) requests the Seanad to do anything other than the Seanad has power to do;

(*b*) does not comply with Standing Orders or is otherwise not in proper form;

(*c*) is *sub-judice* as defined in Standing Order 47;

(*d*) contains the name or names of individuals;

(*e*) contains language which is offensive or defamatory; and

(*f*) is the same as, or in substantially similar terms to, a submission made by or on behalf of the same person, company or organisation during the lifetime of the Committee.

(3) In respect of any admissible submissions on the particular issue on which submissions have been invited, the SPCC may:—

(*a*) invite any of the persons/company/organisations who have made admissible submissions to address it in public session;

(*b*) prepare a written report on the issue based upon consideration of the admissible submission or submissions made to it on that issue;

(*c*) refer the report and any recommendations therein to Seanad Éireann for debate;

(*d*) refer the report and any recommendations therein to the relevant Joint Committee for debate; and

(*e*) lay the report before Seanad Éireann.''.

—*Senator Maurice Cummins.*

---

**2.** ‘‘Go ndéanann Seanad Éireann—

(1) a thabhairt dá aire an Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn ón gComhchoiste um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha a leagadh faoi bhráid an tSeanaid an 29 Meán Fómhair, 2011; agus

(2) Ordú ón Seanad an 16 Meitheamh, 2011 a leasú leis seo trí ‘‘27 Eanáir, 2012’’ a chur in ionad ‘‘30 Meán Fómhair, 2011’’ i mír (1).

That Seanad Éireann—

(1) notes the Progress Report of the Joint Committee on Investigations, Oversight and Petitions which was laid before the Seanad on 29th September, 2011; and

(2) hereby amends the Order of the Seanad of 16th June, 2011 by the substitution of ‘‘27th January, 2012’’ for ‘‘30th September, 2011’’ in paragraph (1).

—*Senator Maurice Cummins*.

---

**3.** ‘‘Go gcomhthoilíonn Seanad Éireann, de bhun fho-alt 2° d’alt 2 d’Airteagal 25 den Bhunreacht, leis an Rialtas in achainí chun an Uachtaráin go gcuirfidh sí a lámh leis an mBille Árachais (Leasú), 2011, ar dháta is luaithe ná an cúigiú lá tar éis an dáta a thairgfear an Bille di.

That, pursuant to subsection 2° of section 2 of Article 25 of the Constitution, Seanad Éireann concurs with the Government in a request to the President to sign the Insurance (Amendment) Bill 2011 on a date which is earlier than the fifth day after the date on which the Bill shall have been presented to her.’’.

—*Senator Maurice Cummins.*

---

**4.** (*l*) An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Uimh. 2), 2011 — An Coiste.
(*a*) Road Traffic (No. 2) Bill 2011 — Committee.

---

*Bille (atógáil) (0.02 n. fágtha):*
*Bill (resumed) (0.02 m. remaining):*

**5.** An Bille um Chlárú Uachtanna, 2011 — An Dara Céim (*atógáil*).
Registration of Wills Bill 2011 — Second Stage (*resumed*).

—*Senator Terry Leyden*.

---

**6.** An Bille um Thrédhearcacht GNBS, 2011 — An Dara Céim.
NAMA Transparency Bill 2011 — Second Stage.

*Senators Mark Daly, Darragh O’Brien, Diarmuid Wilson*.

---

*Tíolactha*:
*Presented*:

**7.** An Bille um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht don Choinbhinsiún maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála arna shíniú in Lugano an 30ú lá de Dheireadh Fómhair, 2007 agus arna chríochnú thar ceann an Chomhphobail

Bill entitled an Act to give effect to the Convention on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters signed at Lugano on the 30th day of October 2007 and concluded on behalf of the European Community pursuant to Council Decision

Eorpaigh de bhun Chinneadh 2009/430/CE1 ón gComhairle, agus chun na críche sin do leasú an Achta um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998 agus an Achta Cothabhála, 1994 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

2009/430/EC1, and for that purpose to amend the Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments Act 1998 and the Maintenance Act 1994 and to provide for related matters.

—*Senator Maurice Cummins.*

---

**8.** An Bille um Príobháideacht, 2006 — Ordú don Dara Céim.
Privacy Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le Tort arb éard é Príobháideacht a Shárú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to provide for a Tort of Violation of Privacy; and to provide for matters connected therewith.

—*Senator Maurice Cummins.*

---

**9.** An Bille um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Dormant Accounts (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú na nAchtanna um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 go 2005, do dhéanamh socrú maidir leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil d'fheidhmiú feidhmeanna áirithe a bhaineann le Ciste na gCuntas Díomhaoin agus le díscaoileadh an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend the Dormant Accounts Acts 2001 to 2005, to provide for the exercise by the Minister for the Environment, Community and Local Government of certain functions relating to the Dormant Accounts Fund and the dissolution of the Dormant Accounts Board and to provide for related matters.

—*Senator Maurice Cummins.*

---

**10.** An Bille Staidrimh (Leasú i leith Oidhreachta), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Statistics (Heritage Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Staidrimh, 1993, i ndáil leis an gcéad daonáireamh ar Éirinn a rinneadh ó bunaíodh an Stát; do thabhairt stádas oidhreachta speisialta don daonáireamh sin agus do chur faoi deara é a chur ar fáil don phobal le haghaidh taighde ginealais, staire agus taighde eile.

Bill entitled an Act to amend the Statistics Act 1993, in relation to the first census of population of Ireland taken since the establishment of the State; to afford that census a special heritage status and to have such released to the public for genealogical, historical and other research.

—*Senator Labhrás Ó Murchú.*

---

**11.** An Bille Ombudsman (Leasú), 2008 [*Dáil*] — An Dara Céim.
Ombudsman (Amendment) Bill 2008 [*Dáil*] — Second Stage.

---

**12.** An Bille Cróinéirí, 2007 — An Coiste.
Coroners Bill 2007 — Committee.

---

P.T.O.

**13.** An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2011 — An Coiste.

Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) Bill 2011 — Committee.

---

*Tairiscint*:
*Motion*:

**14.** ‘‘Go ndéanann Seanad Éireann athdhearbhú ar thacaíocht Rialtas na hÉireann agus an phobail, atá ann le fada, le Stát Palaistíneach a bhunú de réir na dteorainneacha a bhí ar Iosrael roimh 1967 maille le hiomlaoidí talún arna gcomhaontú go frithpháirteach, agus tacaíonn sé le hiarrachtaí leanúnacha an Rialtais, i dteannta comhpháirtithe AE agus comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun a réadú a luaithe is féidir a chur chun cinn, trí athchromadh ar phléití síochána díreacha idir taobh na nIosraelach agus taobh na bPalaistíneach a bheidh dírithe ar réiteach caibidlithe cuimsitheach dhá Stát ar an gcoinbhleacht ar bhonn na bparaiméadar atá leagtha amach i dTátail Chomhairle Gnóthaí Eachtracha AE, Nollaig 2009, Nollaig 2010 agus Bealtaine 2011 agus go hiomlán de réir rúin iomchuí na Comhairle Slándála, Phrionsabail Mhaidrid, Threochlár 2004, comhaontuithe a rinne an dá pháirtí roimhe seo agus an Tionscnaimh Síochána Arabaigh.

That Seanad Éireann reaffirms the long-standing support of the Irish Government and people for the establishment of a Palestinian State, based upon Israel’s pre-1967 borders with mutually agreed land swaps, and backs the continuing efforts of the Government, in conjunction with EU and international partners, to advance its earliest possible realisation, through the resumption of direct peace talks between the Israeli and Palestinian sides aimed at achieving a comprehensive negotiated two-State resolution of the conflict on the basis of the parameters set out in the EU Foreign Affairs Council Conclusions of December 2009, December 2010 and May 2011 and in full accordance with relevant Security Council resolutions, the Madrid Principles, the 2004 Roadmap, previous agreements entered into by both parties and the Arab Peace Initiative.’’.

—*Senator Maurice Cummins*.
**[27 July, 2011]**

---

**15.** *Tairiscintí nach ón Rialtas*:
*Non-Government Motions*:

*1*. ‘‘That Seanad Éireann is keenly aware of the suffering of the families of those who died or were injured in the Dublin and Monaghan bombings and in all the atrocities that were inquired into by Judge Henry Barron; that this suffering is exacerbated by the absence of closure in these terrible tragedies; and that we support their call for co-operation by the British Government to actively participate in a process to help provide answers to the questions that remain unanswered; and that the Irish Government will continue in its efforts to urge the British Government to give urgent consideration to this matter.’’.

—*Senators Mary White, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Diarmuid Wilson*.

**[16 June, 2011]**

---

*2*. ''That Seanad Éireann will appoint an Honorary Senator to represent the Global Irish Community Overseas.''.

—*Senators Mark Daly, Diarmuid Wilson, Mary White, Darragh O'Brien, Thomas Byrne, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O'Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O'Sullivan, Averil Power, Jim Walsh*.

**[28 June, 2011]**

---

*3*. ''That Seanad Éireann calls on the Minister for Health and the Government to honour its pre-election commitments and ensure the continuation of the existing twenty-four hour a day, seven day a week, Accident and Emergency services at Roscommon County Hospital.''.

—*Senators Terry Leyden, Diarmuid Wilson, Darragh O'Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O'Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O'Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Mary White*.

**[6 July, 2011]**

---

*4*. ''That Seanad Éireann calls on the Irish Government to formally recognise a Palestinian State at the UN General Assembly meeting in September 2011 and that such a state would be based upon Israel's pre-1967 borders with mutually agreed land swaps.''

—*Senators Darragh O'Brien, Diarmuid Wilson, Ned O'Sullivan, Denis O'Donovan, Marc MacSharry, Labhrás Ó Murchú, Brian Ó Domhnaill, Paschal Mooney, Terry Leyden, Thomas Byrne, Jim Walsh, Averil Power, Mark Daly, Mary White, Jillian van Turnhout, Marie Louise O'Donnell, Fiach Mac Conghail, Katherine Zappone, David Norris, Trevor Ó Clochartaigh, Kathryn Reilly, David Cullinane*.

**[26 July, 2011]**

---

*5*. ''That Seanad Éireann discuss and reject outright the Government's proposals to introduce a septic tank charge or registration fee on rural households.''

—*Senators Brian Ó Domhnaill, Darragh O'Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Terry Leyden , Marc MacSharry, Paschal Mooney, Denis O'Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O'Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Mary White, Diarmuid Wilson.*

**[14 September, 2011]**

---

*6*. ''That Seanad Éireann is keenly aware that Ireland was required, under the 2007 EU Universal Services Directive, to make 'every effort' to ensure that the 116 000 Missing Children Hotline, already operational in 16 EU Member States, was reserved and operational by 25th May 2011 and that while COMREG has made the 116 000 number available the service is not yet operational due to a lack of adequate funding. This House contends that the fundamental basis on which the Missing Children Hotline must operate is that of best practice for service users and that the ISPCC, with its unique capacity and expertise in this area, is the most suitable candidate to run this vital service and calls on the Minister for Children and Youth Affairs and the Minister for Justice, Equality and Defence to inform the House of a definitive plan for putting the Missing Children's Hotline into operation with adequate and proper funding.''.

—*Senators Jillian van Turnhout, Mark Daly, Feargal Quinn, Ivana Bacik, Sean D. Barrett, Eamonn Coghlan, Martin Conway, John Crown, David Cullinane, Jim D'Arcy, Fidelma Healy Eames, Cait Keane, Terry Leyden, Marie Moloney, Paschal Mooney, Mary Moran, Rónán Mullen, Fiach MacConghail, Martin McAleese, Catherine Noone, David Norris, Darragh O'Brien, Mary-Ann O'Brien, Marie-Louise O'Donnell, Averil Power, Kathryn Reilly, Jim Walsh, Diarmuid Wilson, Katherine Zappone*.

**[20 September, 2011]**

---

P.T.O.

**16.** An Seanad a chur ar athló.
Adjournment of the Seanad.

---

## BILLÍ SEANAID SA DÁIL
*Seanad Bills with the Dáil*

An Bille um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2009.
Property Services (Regulation) Bill 2009.

---

An Bille um Chonarthaí Foirgníochta, 2010.
Construction Contracts Bill 2010.

---

An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2008
(*athraithe ó*) An Bille Meabhair-Shláinte (Bearta Ainneonacha) (Leasú), 2008.
Mental Health (Amendment) Bill 2008
(*changed from*) Mental Health (Involuntary Procedures) (Amendment) Bill 2008.

---

An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2011.
Criminal Justice (Female Genital Mutilation) Bill 2011.

---

## MEMORANDA

*Déardaoin*, 29 *Meán Fómhair*, 2011.
*Thursday*, 29*th September*, 2011.

Cruinniú den An Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, TL 2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH 2000, at 11.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh i Seomra Coiste 3, TL 2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on European Union Affairs in Committee Room 3, LH 2000, at 11.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Poist, Coimirce Shóisialach agus Oideachas i Seomra Coiste 3, TL 2000, ar 2.30 p.m.
Meeting of the Joint Committee on Jobs, Social Protection and Education in Committee Room 3, LH 2000, at 2.30 p.m.

---

## PÁIPÉIR A LEAGADH FAOI BHRÁID AN tSEANAID
*Papers laid before the Seanad*

*Reachtúil*:

1) Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le Buiséad Ginearálta 2011: Ráiteas Caiteachais de réir Ailt — Alt 111 — An Coimisiún. COM (2011)154 [AGUS] Togra le haghaidh Cinnidh ó Pharlaimint na

*Statutory*:

1) Draft Amending Budget No. 2 to the General Budget 2011: Statement of Expenditure by Section: Section 111 — Commission. COM (2011)154 [AND] Proposal for a Decision of the European Parliament

hEorpa agus ón gComhairle maidir le hea-grú Chiste Dlúthpháirtíochta AE. COM (2011)155 mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

2) Cúram Sláinte ASS. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, 2010.

3) Cuntais Airgeadais. Ráitis Airgeadais Iniúchta an Státchiste don Bhliain Airgeadais 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010.

*Reachtúil*:

1) An tOrdú um Chomhairleoir Speisialta (An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta) a Cheapadh, 2011 (I.R. Uimh. 485 de 2011).

2) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha. Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn.

and of the Council on the mobilisation of the EU Solidarity Fund. COM (2011)155 together with explanatory information note.

2) VHI Healthcare. Annual Report and Accounts, 2010.

3) Finance Accounts. Audited Financial Statements of the Exchequer for the Financial Year 1 January, 2010 to 31 December, 2010.

*Statutory*:

1) Appointment of Special Adviser (Minister for Jobs, Enterprise, and Innovation) Order 2011 (S.I. No. 485 of 2011).

2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Investigations, Oversight and Petitions. Progress Report.

Wt. 53804. 278. 9/11. Clondalkin Pharma & Healthcare (Clonshaugh) Ltd. (X58282). Gr. 30-15.